Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12846/26**
**ADD 1**

**ENV 1030**
**ENT 212**
**COMPET 1030**
**IND 527**
**SAN 639**
**CONSOM 251**
**MI 850**
**CHIMIE 110**
**DELACT 138**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6059 Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6059 Annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 6059 Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2026
C(2026) 6059 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara**

# IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| Substaint | Uimh. CAS | Uimh. CE | Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile |
|---|---|---|---|
| 'Aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla (ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ ), a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara<br><br>Ciallaíonn 'aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla (ACSFanna $C_9$-$C_{21}$), a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara' an méid seo a leanas:<br>(i) aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile líneacha agus bhrainseacha den fhoirmle $C_nF_{2n+1}COOH$ i gcás $8 \leq n \leq 20$ (ACSFanna $C_9$-$C_{21}$);<br>(ii) a salainn<br>(iii) comhdhúile a bhaineann le ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, ar substaintí iad a bhfuil sé d'acmhainn acu ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a dhíghrádú nó claochlú ina ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, lena n-áirítear aon substaint ina bhfuil an pháirt ailcile shárfhluairínithe $C_nF_{2n+1}$ (i gcás $8 \leq n \leq 20$) mar cheann de na heilimintí struchtúracha.<br><br>Ní áirítear na comhdhúile seo a leanas mar chomhdhúile a bhaineann le ACSFanna $C_9$-$C_{21}$: $C_nF_{2n+1}X$, i gcás X = F, Cl nó Br: comhdhúile ASFO-ghaolmhara a chumhdaítear leis an iontráil maidir le 'Aigéad sárfhluarochtánóch (ASFO), a shalainn agus a chomhdhúile ASFO-ghaolmhara' san Iarscríbhinn seo. | [1] 375-95-1,<br>[2] 335-76-2,<br>[3] 2058-94-8,<br>[4] 307-55-1,<br>[5] 72629-94-8,<br>[6] 376-06-7,<br>[7] 141074-63-7,<br>[8] 67905-19-5,<br>[9] 57475-95-3,<br>[10] 16517-11-6,<br>[11] 133921-38-7,<br>[12] 68310-12-3,<br>agus cinn eile | [1] 206-801-3,<br>[2] 206-400-3,<br>[3] 218-165-4,<br>[4] 206-203-2,<br>[5] 276-745-2,<br>[6] 206-803-4,<br>[7] -<br>[8] 267-638-1,<br>[9] -<br>[10] 240-582-5,<br>[11] -<br>[12] 269-701-9,<br>agus cinn eile | 1. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ atá cothrom le 0,025 mg/kg (0,0000025 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, i meascáin nó in earraí.<br><br>2. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na dtiúchan de chomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara atá cothrom le 0,26 mg/kg (0,000026 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, i meascáin nó in earraí.<br><br>3. De mhaolú ar phointí 1 agus 2, chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na dtiúchan de ACSFnna $C_9$-$C_{21}$, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara, atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | i gcás ina bhfuil siad i substaint a bhfuiltear lena húsáid mar idirmheánach aonraithe iompartha de réir bhrí Airteagal 3, pointe 15(c), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a chomhlíonann na coinníollacha dianrialaithe a leagtar amach in Airteagal 18(4), an chéad fhomhír, pointí (a) go (f), den Rialachán sin maidir le táirgeadh fluaraiceimiceán ina bhfuil slabhra sárfhluaracarbóin atá cothrom le 6 adamh nó níos giorra ná sin.<br><br>4. De mhaolú ar phointe 1, chun críoch na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b) maidir leis an méid seo a leanas:<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ atá cothrom le 0,1 mg/kg (0,00001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i bhfluaraplaistigh agus i bhfluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí, go dtí an 16 Nollaig 2030;<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$ atá cothrom le 15 mg/kg (0,0015 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i bhfluaraplaistigh agus i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | bhfluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí, go dtí an 16 Nollaig 2030;<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ atá cothrom le 0,1 mg/kg (0,00001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i bhfluaraplaistigh agus i bhfluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí, ón 17 Nollaig 2030.<br><br>Seachnófar na hastaíochtaí uile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a fhoirmítear go neamhbheartaithe le linn táirgeadh agus úsáid fluaraphlaisteach agus fluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí agus, mura féidir sin, laghdófar iad a mhéid is féidir go teicniúil agus go praiticiúil.<br><br>5. De mhaolú ar phointe 1, chun críoch na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b) maidir leis an méid seo a leanas:<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ agus a salainn atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i micreaphúdair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE) a tháirgtear trí ionradaíocht ianúcháin nó trí dhíghrádú teirmeach agus i meascáin agus in earraí le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus ghairmiúil ina bhfuil micreaphúdair PTFE, go dtí an 16 Nollaig 2030;<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$ agus a salainn atá cothrom le 15 mg/kg (0,0015 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i micreaphúdair PTFE a tháirgtear trí ionradaíocht ianúcháin nó trí dhíghrádú teirmeach agus i meascáin agus in earraí le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus ghairmiúil ina bhfuil micreaphúdair PTFE, go dtí an 16 Nollaig 2030;<br><br>- suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ agus a salainn atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i micreaphúdair PTFE a tháirgtear trí ionradaíocht ianúcháin nó trí dhíghrádú teirmeach agus i meascáin agus in earraí le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus ghairmiúil ina bhfuil micreaphúdair PTFE, ón 17 Nollaig 2030.<br><br>Seachnófar na hastaíochtaí uile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | fhoirmítear go neamhbheartaithe le linn táirgeadh agus úsáid micreaphúdair PTFE agus, mura féidir sin, laghdófar iad a mhéid is féidir go teicniúil agus go praiticiúil.<br><br>6. De mhaolú ar phointí 1 agus 2, chun críoch na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na dtiúchan de ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ nó aon cheann dá salainn atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun agus maidir le tiúchain aon chomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara aonair nó teaglaim de chomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun, i gcás ina bhfuil siad i gcúr comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteán breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte i gcórais cheana féin. Beidh feidhm ag na teorainnluachanna sin go dtí an 3 Lúnasa 2028.<br><br>7. De mhaolú ar phointí 1 agus 2, chun críoch na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na dtiúchan de ACSFanna |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | $C_9$-$C_{21}$, a salainn agus a gcomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i gcúr comhraic dóiteáin saor ó fhluairín agus ina dtagann siad ó threalamh comhraic dóiteáin a ndearnadh glanadh air i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil.<br><br>8. Ceadófar ACSFanna $C_9$-$C_{14}$, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a chur ar an margadh agus a úsáid go dtí an 30 Nollaig 2030 i leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha do threalamh leictreonach a chuirtear ar an margadh roimh an 31 Nollaig 2023 agus i ndeisiú an trealaimh sin.<br><br>9. Ceadófar ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a chur ar an margadh agus a úsáid i leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha, i gcás inar úsáideadh ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara ar dtús sa leathsheoltóir atá le hathsholáthar nó le deisiú ag an bpáirt spártha, go dtí an 16 Nollaig 2031.<br><br>10. Earraí ina bhfuil ACSFanna $C_9$-$C_{14}$, a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara, a bhí in úsáid cheana féin san Aontas roimh an 31 Nollaig 2023, féadfar leanúint dá n-úsáid.<br><br>11. Earraí ina bhfuil ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara, a bhí in úsáid cheana féin san Aontas roimh an 17 Nollaig 2026, féadfar leanúint dá n-úsáid’. |